Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9395/25**

**DEVGEN 76**
**FIN 557**
**COAFR 108**
**ACP 32**
**RELEX 655**
**NDICI 4**
**SAN 248**
**SUSTDEV 38**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7403/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta: Táthar ag cloí le cuspóirí leathana straitéiseacha, ach tá fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta ag cur isteach ar idirghabhálacha'<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 26 Bealtaine 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta: Táthar ag cloí le cuspóirí leathana straitéiseacha, ach tá fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta ag cur isteach ar idirghabhálacha' arna bhformheas ag an gComhairle ag an 4099ú cruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta: Táthar ag cloí le cuspóirí leathana straitéiseacha, ach tá fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta ag cur isteach ar idirghabhálacha'**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta. Déantar measúnú sa tuarascáil ar an tacaíocht ón Aontas don tsláinte i dtíortha comhpháirtíochta don dá chlárthréimhse 2007-2013 agus 2014-2020, arbh fhiú os cionn EUR 3 bhilliún iad in aghaidh na tréimhse, agus don tréimhse 2021-2027 go dtí tús 2024, arbh fhiú os cionn EUR 2 bhilliún í go dtí sin. Tugann an Chomhairle dá haire torthaí agus moltaí na tuarascála.

2. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme iomlán na Straitéise Sláinte Domhanda, ar thacaigh an tArdionadaí léi freisin, agus meabhraítear di na conclúidí uaithi dar teideal 'Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte níos fearr do chách i ndomhan atá ag athrú'[1]. Sna conclúidí sin, d'iarr an Chomhairle go mbeadh uaillmhian mhéadaithe ann, ina mbeidh cur chuige cuimsitheach á ghlacadh, ina ndíreofar ar bheatha daoine a shábháil agus ar theacht chun cinn agus leathadh galar a laghdú ina gcuirtear chun cinn an tsláinte agus an dea-bhail freisin, lena n-áirítear an mheabhairshláinte, agus an t-idirdhealú agus an stiogma a chomhrac, go háirithe i gcás na mban agus na gcailíní, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine LGBTI, pobail dhúchasacha agus daoine agus pobail atá leochaileach agus imeallaithe, chomh maith le pobail imirceacha agus easáitithe. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-éilíonn an tsláinte dhomhanda iltaobhachas éifeachtach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha ilpháirtithe leasmhara, ar colúin bhunriachtanacha de bheartas seachtrach an Aontais iad, a bhfuil ról lárnach acu chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a neartú. Tá an Chomhairle fós tiomanta don chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach maidir leis an tSláinte Dhomhanda.

[1] 5908/24, an 29 Eanáir 2024.

3. Leagann an Chomhairle béim ar an ról tábhachtach atá ag an gcomhar um fhorbairt i réimse na sláinte agus ar a thábhachtaí atá dlúthchomhar, ar bhonn cothrom, le tíortha comhpháirtíochta maidir le feabhas a chur ar rochtain chothrom ar tháirgí agus ar sheirbhísí sláinte, córais sláinte a neartú chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach, agus rannchuidiú le cosc, ullmhacht agus freagairt i gcás paindéimí. Tá an tsláinte dhomhanda ar cheann de phríomhcholúin bheartas seachtrach an Aontais, lena n-áirítear Global Gateway agus tionscnaimh Fhoireann na hEorpa maidir leis an tsláinte. Athdhearbhaíonn an Chomhairle ról ceannasach an Aontais gona Bhallstáit maidir leis an tsláinte dhomhanda a chur chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar an daonnacht, ar an gcothromas, ar an gcomhionannas inscne agus ar an urraim do chearta an duine. Is den ríthábhacht é comhleanúnachas straitéiseach ár mbeartas agus ár dtacaíochta airgeadais le tosaíochtaí agus córais na dtíortha comhpháirtíochta a áirithiú.

4. Meabhraítear don Chomhairle go mbíonn tacaíocht ón Aontas don tsláinte i dtíortha comhpháirtíochta ag rannchuidiú leis an sprioc fhoriomlán i mbeartas forbraíochta an Aontais i.e. fíorbhochtaineacht a laghdú agus, faoi dheoidh, deireadh a chur léi. I gcomhréir leis an gcur chuige idirnáisiúnta i leith na sláinte, go háirithe le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3 na Náisiún Aontaithe, cuireann an tAontas cistiú ar fáil do chórais sláinte a thíortha comhpháirtíochta trí bhíthin cláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha, tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa a bhaineann leis an tsláinte, eagraíochtaí comhpháirtíochta de chuid na Náisiún Aontaithe, mar shampla an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus eagraíochtaí comhpháirtíochta iltaobhacha eile mar shampla an Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a chomhrac, GAVI, an Chomhghuaillíocht Vacsaíní agus an Ciste Paindéime.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle an chonclúid ón gCúirt gur thacaigh an tAontas le hidirghabhálacha sláinte éagsúla a bhí i gcomhréir le riachtanais na dtíortha agus gur rannchuidigh tacaíocht an Aontais le feidhmiú a gcóras sláinte.

6. Tugann an Chomhairle dá haire an chonclúid ón gCúirt go raibh tionchar ag easnaimh ar leithdháileadh an chistiúcháin, gur chuir fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta bac ar éifeachtacht na dtionscadal, agus nár thug an faireachán léargas iomlán ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in earnáil na sláinte.

7. Tugann an Chomhairle dá haire raon feidhme teoranta mhionanailís na tuarascála speisialta ar thacaíocht phraiticiúil sláinte an Aontais, nár cumhdaíodh ach trí thír léi – an Bhurúin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus an tSiombáib. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire go ndírítear sa tuarascáil ar thacaíocht ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal na tíre, ach nach gcumhdaítear tionscnaimh réigiúnacha inti.

8. Tugtar barúlacha i dTuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an tacaíocht ón Aontas don tsláinte i dtíortha comhpháirtíochta , chomh maith le moltaí maidir le tacaíocht amach anseo, eadhon meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir riachtanais na dtíortha agus leithdháileadh na gcistí sláinte; critéir shoiléire a leagan síos maidir le cistiú na dtionscnamh domhanda sláinte; feabhas a chur ar an anailís riachtanas agus ar chomhordú dháileadh an trealaimh agus na gcógas leighis; anailís a dhéanamh ar réasúntacht na gcostas bainistíochta; a chinntiú nach mbeidh forluí idir na tionscnaimh dhomhanda sláinte a fhaigheann tacaíocht agus go ndéantar sineirgí eatarthu a áirithiú; faireachán ar bhealach cuimsitheach a dhéanamh ar thacaíocht ón Aontas; inbhuanaitheacht na gcóras sláinte a chur chun cinn; níos mó tábhachta a thabhairt do chothabháil trealaimh.

9. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí cuimsitheacha ón gCoimisiún atá i gceangal leis an Tuarascáil Speisialta agus is díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún, nó gur ghlac sé go pointe áirithe, leis na moltaí uile. Tugann an Chomhairle dá haire na cásanna breise dea-chleachtas a leag an Coimisiún amach ina fhreagraí ar an tuarascáil speisialta.

**Meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir riachtanais na dtíortha agus leithdháileadh na gcistí sláinte**

10. Tugann an Chomhairle dá haire torthaí thuarascáil CIE ina leagtar béim ar na difríochtaí idir rangú riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus leithdháileadh geografach chabhair sláinte an Aontais, agus an moladh maidir le leithdháileadh an chistithe idir tionscnaimh dhomhanda, tionscnaimh réigiúnacha agus tacaíocht dhéthaobhach do thíortha a chomhordú agus a athchothromú, más féidir. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún feabhas a chur ar na critéir chun rangú tíortha a fhorbairt agus féachaint ar conas an rangú a ionchorprú go leordhóthanach sa chéad chleachtadh clársceidealaithe eile. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta a chur san áireamh go leordhóthanach agus cistiú sláinte an Aontais á leithdháileadh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil comhtháthú na tacaíochta ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus ar leibhéal na tíre ríthábhachtach chun saincheisteanna sláinte a chur chun cinn tríd an Straitéis Sláinte Domhanda agus trí chur chun feidhme thionscadail Global Gateway a bhaineann leis an tsláinte.

**Critéir shoiléire a leagan síos maidir le cistiú na dtionscnamh domhanda sláinte agus feabhas a chur ar an doiciméadú sa phróiseas don leithdháileadh**

11. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé critéir shoiléire, shonracha agus, i gcás inarb infheidhme, inchainníochtaithe a leagan síos chun tionscnaimh dhomhanda sláinte a chistiú agus chun feabhas a chur ar dhoiciméadú an phróisis sin, mar a cuireadh i bhfios go láidir i dtuarascáil speisialta CIE. Tugann an Chomhairle dá haire go dearfach go bhfuil gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla á mbreithniú cheana féin ag an gCoimisiún agus cistiú á leithdháileadh aige ar thionscnaimh dhomhanda sláinte, mar a leagtar amach sna freagraí ón gCoimisiún, agus is díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin feabhas a chur ar an bpróiseas doiciméadaithe i gcomhar le Ballstáit an Aontais.

**Feabhas a chur ar an anailís ar riachtanais agus ar an gcaoi a ndéantar dáileadh an trealaimh agus na gcógas leighis a chomhordú**

12. Aontaíonn an Chomhairle le cinneadh CIE go bhféadfaí comhordú dháileadh an trealaimh agus na gcógas i dtíortha comhpháirtíochta a fheabhsú a thuilleadh. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar chur chuige Fhoireann na hEorpa maidir le beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsláinte a chomhordú, cur chuige a tugadh isteach mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus a cuireadh chun feidhme freisin i ndáil leis na réimsí comhair a ndearnadh anailís orthu. Tugann an Chomhairle dá haire na freagraí ón gCoimisiún ina léirítear nach leor an cistiú ó dheontóirí agus ó rialtais araon as a n-eascraíonn fadhbanna anáis stoic. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Choimisiúin oibriú le tíortha comhpháirtíochta chun cabhrú lena straitéisí sláinte a bhunú agus chun a n-acmhainneacht a mhéadú a thuilleadh maidir le hanailís, pleanáil agus comhordú riachtanas.

**Anailís a dhéanamh ar réasúntacht na gcostas bainistíochta**

13. Tugann an Chomhairle dá haire barúil na tuarascála speisialta ó CIE go raibh tionchar ag struchtúr cascáideach cur chun feidhme ar chostais na n-idirghabhálacha in earnáil na sláinte agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an anailís ar réasúntacht na gcostas bainistíochta buiséadaithe a neartú. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé cloí leis an gcreat rialála agus leis na teorainneacha ar chostais bhainistíochta a shonraítear ann, ach creideann sí gur féidir an treoraíocht agus na treoracha is infheidhme a fheabhsú, agus is díol sásaimh di iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis sin.

**Forluí idir na tionscnaimh dhomhanda sláinte atá ag fáil tacaíochta a sheachaint, agus a áirithiú go bhfuil sineirgí eatarthu**

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé forluí a sheachaint agus comhlántacht agus comhordú a áirithiú idir tionscnaimh dhomhanda sláinte chun éifeachtacht a áirithiú, agus Clár Oibre Lusaka á chur chun feidhme ina iomláine. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar an rannchuidiú dearfach le sineirgí agus le comhlántacht thionscnaimh dhomhanda Fhoireann na hEorpa a bhaineann leis an tsláinte, aithníonn sí obair an Choimisiúin i ndáil leis sin, agus is díol sásaimh di iarracht athnuaite an Choimisiúin sineirgí a áirithiú idir tionscnaimh dhomhanda sláinte a dtacaítear leo. Tathantaíonn an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS, i gcomhar le Toscaireachtaí an Aontais, oibriú leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar infheictheacht chistiú an Aontais i measc spriocphobail i dtíortha comhpháirtíochta.

**Táscairí a shainaithint chun faireachán a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach ar an tacaíocht ón Aontas don earnáil sláinte**

15. Meabhraítear don Chomhairle an moladh ó CIE sa tuarascáil speisialta don Choimisiún táscairí cuimsitheacha a shainaithint d’idirghabhálacha an Aontais san earnáil sláinte agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé modh comhréireach a chur i bhfeidhm chun torthaí idirghabhálacha an Aontais i gcistí ildeontóirí a thuairisciú. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún ailíniú a dhéanamh leis na táscairí agus na creataí atá ann cheana i gcomhréir le Clár Oibre Lusaka. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go ndéanfar iarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus iad a shannadh i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe uile agus go ndéanfar iad a chothromú go cúramach leis an ngá atá le húinéireacht agus leis na hacmhainneachtaí atá ar fáil. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú breise a dhéanamh ar a indéanta atá sé modh comhréireach a chur i bhfeidhm chun torthaí idirghabhálacha an Aontais atá bunaithe ar fhianaise, comhthógtha, iomchuí agus íogair ó thaobh inscne de a thuairisciú.

**Gníomhaíocht a dhéanamh chun inbhuanaitheacht na gcóras sláinte a chur chun cinn**

16. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé straitéisí soiléire aistrithe agus scoir a cheapadh chun inbhuanaitheacht na gcóras sláinte agus dul chun cinn i dtreo clúdach sláinte uilíoch agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a áirithiú, agus aithníonn sí an ról lárnach atá ag Clár Oibre Lusaka i ndáil leis sin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh na gníomhaithe ábhartha uile rannpháirteach sa phlé maidir le córais sláinte, lena n-áirítear rialtais na dtíortha comhpháirtíochta, agus slógadh acmhainní intíre a spreagadh, agus na deacrachtaí a bhaineann le hoibriú i dtimpeallachtaí dúshlánacha á n-aithint ag an am céanna. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na gcóras sláinte agus molann sí cuíchóiriú a dhéanamh ar an inbhuanaitheacht, ar shlógadh acmhainní intíre agus ar straitéisí leordhóthanacha scoir maidir le gníomhaíochtaí an Aontais agus tionscnaimh Fhoireann na hEorpa a phleanáil agus a chlársceidealú.

**Béim níos mó a chur ar an tábhacht a bhaineann le cothabháil a dhéanamh ar an trealamh a cuireadh ar fáil trí thionscadail**

17. Aontaíonn an Chomhairle leis an moladh i dtuarascáil speisialta CIE gnéithe cothabhála a chur san áireamh i soláthar trealaimh, agus gníomhaíocht a dhéanamh chun cabhrú le cultúr agus gnáthamh cothabhála a bhunú i measc páirtithe leasmhara. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an moladh sin a thabhairt ar aghaidh ina idirphlé le comhpháirtithe cur chun feidhme agus le tíortha comhpháirtíochta, agus i bhforbairt téarmaí tagartha le haghaidh tairiscintí arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin a bhaineann le hiompar agus cultúr a athrú i ndáil le trealamh a chothabháil, agus is díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin feasacht a mhúscailt agus oiliúint chothabhála a chomhtháthú i seachadadh trealaimh.

18. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh go tráthúil maidir le cur chun feidhme na moltaí atá sa tuarascáil speisialta. Molann an Chomhairle don Choimisiún dúshláin shistéamacha a d'fhéadfadh a bheith ann a anailísiú, a shainaithint agus, más gá, aghaidh a thabhairt orthu, i gcás ina bhféadfadh na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí ón gCúirt aird a tharraingt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn arís agus arís eile i gcur chun feidhme chlár an Choimisiúin.